# Caibidil a hAon Déag
# Tionchar ar an tSochaí

## 11.1 Réamhrá

Tá comh-aighneacht éifeachtach faighte againn thar ceann na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, Crosscare agus Cumann Naomh Uinsionn de Pól (a ndéanfaimid tagairt dóibh as seo amach mar na Gníomhaireachtaí) ag iarraidh na hOrduithe um Earraí Grósaera a choinneáil.

Tá aighneacht faighte againn freisin thar ceann na Seirbhíse Comhairle Airgid & Buiséadaithe (MABS) a fhaigheann maoiniú ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun seirbhís saor in aisce faoi rún a chur ar fáil do dhaoine, go háirithe daoine ar ioncam íseal, atá i bhfiacha, nó i mbaol fiacha. Tá imní léirithe ag MABS go bhféadfadh aon athrú ar rialachán deireadh a chur leis an siopa grósaera áitiúil.

Tá aird ar leith tugtha againn do na hargóintí a rinne na gníomhaireachtaí sin nach ndéanann ionadaíocht ar aon leasa dílsithe ach amháin codanna den sochaí nach bhfuil chomh maith sin as.

## 11.2 Cúlra

Tarraingítear aird ar an leibhéal leanúnach bochtaine in Éirinn in aighneachtaí na nGníomhaireachtaí. Maireann 9.4% de dhaoine (c. 370,000) ar ioncam faoi 60% den mheán-ioncam agus fulaingíonn siad freisin ó dhíothacht atá brúite orthu. Tá droch-ioncam ag 22.7% den daonra (903,000), .i. maireann siad ar ioncam atá 60% faoin meán-ioncam céanna.

Níl 3.3% de theaglaigh na hÉireann (120,000 teach) in acmhainn béile le feoil, sicín nó iasc a bheith acu gach lá. Níl 5.3% (199,000) de theaghlaigh in acmhainn dinnéar rósta a bheith acu uair sa tseachtain. Lena chois sin, chuaigh 9.6% (398,000) gan béile mór ar a laghad uair amháin sa tréimhse coicíse roimhe seo.

Bíonn deacracht acu sin a mhaireann i gceantair le hioncam íseal ina bhfuil droch-sholáthar seirbhísí rochtain a fháil ar bhia cothaíoch ná a bheith in acmhainn bia den sórt sin a fháil dóibh féin agus dá gcuid teaghlaigh. Is beag seans ach an oiread go gcomhlíonfaidh an cohórt sin na treoirlínte aiste bia arna eisiúint ag an Roinn Sláinte agus bíonn tionchar aige sin ansin ar chomh tugtha agus a bhíonn siad do dhrochshláinte agus riosca mortlaíochta níos airde.

## 11.3 Argóintí

Déantar roinnt argóintí ag tacú leis an Ordú a choinneáil:

- Ní hiondúil le hollmhargaí iolracha ollmhór lonnú i gceantair ar ioncam íseal.

- Is minic nach féidir le teaghlaigh ar ioncam íseal bealach taistil a fháil chuig ollmhargaí iolracha a bhíonn lonnaithe ar shuímh lasmuigh de bhailte.

- In imthosca mar sin, bíonn an miondíoltóir siombaile nó neamhspleách ag freastal ar na margaí 'aon-stad' agus 'áise' le chéile.

- D'fhéadfaí deireadh a chur leis an miondíoltóir neamhspleách má fhaightear réidh leis an Ordú um Earraí Grósaera agus mar sin ag cur srian breise ar rochtain ar shaoráidí siopadóireachta i gcás teaghlaigh ar ioncam íseal. Teastaíonn an chosaint a thugann an tOrdú ó mhiondíoltóirí mar sin.

- Toradh amháin a bheadh ann ná costais taistil níos mó, rud a chuirfeadh brú breise ar bhóithre atá plódaithe cheana féin.

- Tugann an tOrdú cosaint do thomhaltóirí ó phraghsáil chreiche agus ó bhearta treoir-chaillteanais – cleachtais a dhéanann dochar go háirithe do thomhaltóirí ar ioncam íseal.

- Tá bia nach gclúdaíonn an tOrdú – feoil agus glasraí úra – tábhachtach ó thaobh aiste bia sláintiúil agus tá siad éirithe an-daor le roinnt blianta anuas

- Is dóigh má fhaightear réidh leis an Ordú um Earraí Grósaera go dtiocfaidh laghdú ar iomaíocht i measc soláthróirí na hÉireann ar mhargaí baile agus easpórtála agus bheadh impleachtaí aige sin do thrádáil na hÉireann agus an cóimhréir íocaíochtaí.

## 11.4 Freagra ar Argóintí

Is cuid de leagan amach sóisialta aon sochaí é rochtain réasúnach a bheith ar shiopadóireacht bia agus grósaera i gcás gach cuid den phobal. Ní mór do lucht déanta polasaithe agus lucht pleanála cúram a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear bac ar rochtain ar bhealach a dhéanfaidh dochar, go háirithe i gcás na gcodanna is leochailí sa phobal. Mar thoradh air sin, ba chóir gurb é an cuspóir a bheadh ag polasaí ná iomaíocht a spreagadh agus é a bheith níos tarraingtí ag iolracha, agus go deimhin ag siombailí agus ag dreamanna neamhspleácha eile, lonnú in áiteanna ina bhfuil díothacht agus leis sin níos mó rogha a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Creideann an Roinn nach bhfuil leochaileacht srianta i gcás daoine ar ioncam íseal ach go bhfuil feidhm leis freisin i gcás daoine aosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine le soghluaiseacht lagaithe. Is dóigh go mbeidh an leochaileacht sin níos measa i gcás daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair

thuaithe áit a bhféadfadh an t-achar chuig siopa eile a bheith i bhfad níos faide ná ina gcás sin atá ina gcónaí i gcathracha.

In aghaidh an chúlra sin, aontaímid le go leor de na pointí a rinne na Gníomhaireachtaí thuas. Is é an áit a bhfuil deacracht againn lena n-aighneacht ná i ndáil leis an tionchar is mó a d'fhéadfadh a bheadh ag deireadh a chur leis an Ordú agus nílimid ar aon intinn leis na Gníomhaireachtaí maidir leis sin.

Chun críche na díospóireachta, nílimid ag cur in aghaidh aighneacht na nGníomhaireachtaí ó thaobh *"…multiple operators tend not to enter many regional or other similarly undesirable areas where the catchment market in the surrounding areas is deemed insufficient to justify their entry."*

Ní chuirimid in aghaidh na tuairime ach an oiread go minic nach mbíonn bealach taistil ag cuid mhaith de na daoine a chónaíonn sna ceantair sin chun freastal ar na hiolracha atá suite lasmuigh dá gceantar.

Agus aontaímid lena gconclúid go soláthraíonn na hoibreoirí siombaile agus neamhspleácha in imthosca mar sin seirbhís 'aon-stad' agus 'áise' ar a gcuid custaiméirí.

Ag teacht as an gcás sin, tá an imní a léirigh na Gníomhaireachtaí bunaithe ar an tuairim má fhaightear réidh leis an Ordú, go ndéanfaidh an iomaíocht mar thoradh air sin bagairt ar shlí bheatha miondíoltóirí neamhspleácha agus siombaile in áiteanna díothaithe.

Ní thugann aon fhianaise a chuireann na Gníomhaireachtaí isteach aon tacaíocht don chonclúid sin agus ní féidir linn aontú leis mar chonclúid.

Má tá na stórtha beaga tábhachtach do na daoine a chónaíonn sna ceantair sin, agus mura bhfuil ach rochtain iompair theoranta ag na daoine sin chuig siopaí iolracha lasmuigh den cheantar, ansin, tá na Gníomhaireachtaí féin ag admháil, nach bhfuil na stórtha beaga ag dul in iomaíocht leis na hiolracha sna ceantair sin. Is beag cúis a fheicimid, mar sin, go dtiocfaidh titim ar an éileamh a bheidh ar na stórtha beaga sin sa chás go bhfaighfear réidh leis an Ordú.

Tá na Gníomhaireachtaí ag rá de bhrí gur beag rogha atá ag tomhaltóirí i gceantair dhíothaithe ach siopadóireacht a dhéanamh le siombailí nó neamhspleácha go gcuireann sé sin teorainn leis an rochtain a bhíonn acu ar bhia sláintiúil. Tá siad ag rá go gcinneann an cineál siopa bia a bhíonn ar fáil do dhaoine na gnásanna tomhaltais bia a bhíonn ag daoine a chónaíonn in áiteanna le droch-acmhainní agus go hiondúil gur astu seo a leanas a bhíonn na hábhair bia a bhíonn ar díol ag an miondíoltóir siombaile nó neamhspleách:

> *"…the top shelf of the food pyramid, namely saturated fats, sweet products, processed and convenience food. These outlets cost more to shop in, with the independents most expensive for cereals, bread,*

*potatoes, and the symbols most expensive for meat fish and alternative (sic), and fruit and vegetables. This has an obvious impact on the ability to access and afford a healthy, nutritious diet."*

Tá ábhar imní anseo ach is é an chiall a bhainimid as argóint na nGníomhaireachtaí ná go rud maith a bheadh ann dá meallfaí iolracha isteach i gceantair dhíothaithe chun dul in iomaíocht le miondíoltóirí siombaile agus neamhspleácha agus raon níos mó de bhia sláintiúil a chur ar fáil. Aontaímid leis an moladh sin ach ní thuigimid an réasúnaíocht, mar sin, ó thaobh argóint a dhéanamh in aghaidh deireadh a chur leis an Ordú ar na forais go spreagfaidh sé an iomaíocht chéanna.

Tugaimid ar aird, áfach, go dtacaíonn an argóint a chuireann na Gníomhaireachtaí chun cinn lenár gconclúid, a rinneadh áit éigin eile sa tuarascáil seo, nach bhfuil na siombailí agus lucht neamhspleách ag iarraidh fiú amháin dul san iomaíocht leis na hiolracha i gcuid mhaith cásanna.

## 11.5 Taithí na RA

Tá an imní atá anseo go gcuirfear go leor dá n-oibreoirí neamhspleácha agus siombaile amach as gnó sa chás go bhfaighfear réidh leis an Ordú um Earraí Grósaera, agus go mbeidh rochtain ar shaoráidí siopadóireachta níos deacra mar thoradh air, an-chosúil leis an imní a léiríodh go dtiocfadh feiniméan Bhaile Bocht na Breataine go hÉireann.

Ceapann a lán daoine a chuir aighneachtaí isteach mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin Poiblí go bhfuil a leithéid de rud ann agus feiniméan Bhaile Bocht na Breataine. Is beag fianaise atá ann chun tacú leis an teoiric sin. Tá sé léirithe cheana féin againn go bhfuil fianaise den sórt sin atá faighte againn bunaithe ar léirmhíniú uafásach míchruinn agus míthreorach de staitisticí atá bailí seachas sin.

Tá sé tugtha le fios ag foinse na staitisticí sin, Gníomhaireacht Tuaithe na RA, gur feidhm daonra é siopaí áitiúla a bheith i bpobal. Glactar leis sin freisin sna staitisticí a rinneadh ina Suirbhé ar Sheirbhísí Tuaithe i 2000, a thaispeánann go dtagann méadú mór ar líon na siopaí grósaera a bhíonn ar fáil de réir mar a mhéadaíonn daonra an cheantair áitiúil.

D'ainneoin sin, d'fhéachamar ar an méid a bhí le rá ag Tuarascáil 2000 Choimisiún Iomaíochta na RA ar thrádáil earraí grósaera ar an rud a dtugann siadsan "milseoga bia" air.

Rinne Coimisiún Iomaíochta na RA taighde chun an cheist a iniúchadh cibé an ndéanann na siopaí grósaera iolracha seachaint in aon turas ar cheantair uirbeacha ina bhfuil ioncam íseal, agus mar sin ag cur srian ar rochtain chuig earraí grósaera.[1]

[1] Tuarascáil Choimisiún Iomaíochta na RA ar an Trádáil Grósaera, 2000 op.cit., Ailt 13.108 – 13.128

Taispeánann na torthaí i gcás na 100 earnálacha poist is lú ioncaim sa Ríocht Aontaithe, nach bhfuarthas aon chás ina raibh stór iolrach[2] níos mó ná 1.3 míle ó lár an cheantair. Ba ionann na meáin-achair agus achair daonra chuig stór mar sin agus 0.57 agus 0.56 míle faoi seach.

Dúirt an Coimisiún cé nach ndeir an staidéar go bhféadfadh go leor cásanna a bheith ann ina mbeidh rochtain deacair, ag an am céanna níl aon cheangal córasach idir na straitéisi lonnaithe atá ag oibreoirí ollmhargaí agus rochtain shrianta chuig earraí grósaera.

I gcleachtadh gaolmhar a raibh an tábhacht chéanna leis, níor tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise go raibh comhchruinniú ard de mhiondíoltóirí iolracha aonair i gceantair le hioncam íseal, agus mar sin ní tugadh le fios go raibh cumhacht margaidh níos mó ann a bhféadfadh saoirse socrú-praghsanna níos mó a bheith mar thoradh air.

I suirbhé ar eagraíochtaí agus ar dhaoine a bhféadfadh leas a bheith acu sa cheist, fuair an Coimisiún amach gur léirigh an fhadhb le rochtain ar earraí grósaera, i dtéarmaí fisiciúla agus eacnamúla, sraith fachtóirí i bhfad níos leithne ná miondíoltóirí grósaera iolracha a bheith in áit nó gan a bheith. Níor tugadh aitheantas d'aon cheantar tíreolaíoch ar leith sa chleachtadh sin mar *milseoga bia* a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ar ndóigh, is ceist dhifriúil í an cheist a bhaineann le rochtain ar bhia sláintiúil ón gceist ar thug an Coimisiún Iomaíochta aghaidh uirthi sna suirbhéanna a bhfuil tagairt déanta dóibh thuas. I 1999, fuair staidéar a bhí teoranta chuig ceantair comhairle áirithe i Londain a bhí rangaithe mar áit le hioncam íseal agus áit ina raibh éagsúlacht eitneach (ach nach ainmníodh ar chúiseanna rúndachta) go raibh raon siopaí le bia sláintiúil i bhfoisceacht siúl na gcos ó fhormhór lucht cónaithe na háite.

Ní bhfuarthas aon nasc idir an líon bia sláintiúil a bhí i stoc agus an leibhéal díothaithe eacnamúil.

Ar an gcaoi chéanna, fuair an Roinn Sláinte sa RA, i staidéar a rinneadh i 1999, amach go raibh leibhéil arda sásachta tríd is tríd i measc lucht cónaithe limistéar díothaithe ina raibh rochtain ar shaoráidí siopadóireachta.

Creidimid nach bhfuil ciall ar bith leis an imní atá ar Ghníomhaireachtaí go mbeidh rochtain shrianta ar earraí grósaera má fhaightear réidh leis an Ordú um Earraí Grósaera.

Táimid den tuairim chomh fada agus a bhíonn iomaíocht sa trádáil cothrom, ansin go mó baint a bheidh ag suíomh na siopaí grósaera leis an líon daonra agus le héileamh seachas le rangú soch-eacnamaíoch an daonra. Creidimid go féidir glacadh leis an tuairim sin mar thoradh ar thaighde a rinneadh sa RA – áit nach bhfuil cosc ar bith ar dhíolachán faoi chostas.

[2] Sainmhínithe chun críche an chleachtaidh seo mar stór, á rialú ag duine éigin a rialaíonn ar a laghad 10 stór den chineál céanna, ina bhfuil spás urláir miondíola de ar a laghad 600sq. m. agus ar a laghad 300sq. m. de sin roinnte chun bia agus deochanna neamh-alcóil a dhíol

Cé nach n-aontaímid lena gcuid conclúidí ar an Ordú um Earraí Grósaera, tá an imní eile ar fad a léirigh na Gníomhaireachtaí oiriúnach. Teastaíonn, áfach, freagra polasaí i bhfad níos leithne uathu ná mar is féidir a chur ar fáil i scóip na Tuarascála seo.

## 11.6 Alcól sa tSochaí

Tá roinnt aighneachtaí faighte againn faoin ábhar a bhaineann le tomhaltas alcóil in Éirinn.

Bhunaigh príomh tháirgeoirí, imdháilteoirí agus miondíoltóirí alcóil in Éirinn *Sásamh Ciallmhar as Alcól sa Sochaí Teoranta* (MEAS) **(níl aon leagan oifigiúil acu air seo)** i 2002 chun freagracht shóisialta a chur chun cinn agus tacú leis laistigh den tionscal deochanna agus chun dochar a bhaineann le halcól a laghdú. Tá aird tarraingthe ag an gCumann ar na pátrúin atá ag athrú i leith an óil in Éirinn agus tá siad ag tacú le timpeallacht a chruthú a bheidh i bhfábhar ólacháin atá ciallmhar. Déileálann a n-aighneacht freisin le haighneachtaí a bhaineann le cáin a ghearradh ar alcól agus praghsáil alcóil in Éirinn.

Críochnaíonn an Aighneacht trí imní a léiriú go mbeidh torthaí tromchúiseacha sóisialta ag deireadh a chur leis an gcosc ar dhíol táirgí alcóil faoin nglan-phraghas ar an sonrasc agus go háirithe, go ndéanfaidh sé beag is fiú do na cóid chleachtais a dtacaíonn sí leo ó thaobh táirgí den sórt sin a dhíol go freagrach agus margaíocht freagrach a dhéanamh orthu. Deir siad má fhaightear réidh leis an Ordú go gcuirfear 'cogadh praghsanna" ar bun a thabharfaidh amach droch-theachtaireacht don phobal maidir le tomhaltas freagrach.

Tá aighneacht neamhspleách curtha isteach ag Diageo Ireland, comhalta de chuid Food and Drink Industries Ireland IBEC. Tacaíonn Diageo leis an Ordú um Earraí Grósaera a choinneáil mar gheall ar na himpleachtaí sóisialta tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ag díol alcóil faoi chostas, rud a théann in aghaidh pholasaí Rialtais.

Déanann an VFI[3] cás den chineál céanna agus deir siad go méadóidh díolachán aclóil saor díolacháin alcóil ar an iomlán agus go mbeidh éifeachtaí aige sin ó thaobh mí-úsáid alcóil agus ord poiblí. Ar ndóigh, is é an imní atá orthu go dtarlóidh an méadú sin ar dhíolacháin trí eis-cheadúnais seachas trí na tábhairneoirí a ndéanann siad ionadaíocht orthu.

Cé go dtugaimid aitheantas don tábhacht a bhaineann leis an riachtanas tacú le tomhaltas freagrach ar tháirgí alcóil in Éirinn, creidimid i ndáiríre go n-ardaíonn na haighneachtaí seo saincheisteanna an-leathana maidir le hiompar sa tsochaí a théann i bhfad thar scóip na tuarascála seo agus ní mheasaimid, i ndáiríre, go bhfuilimid sách cáilithe chun tuairim a thabhairt orthu ag an bpointe seo.

[3] Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann. Déanann an eagraíocht ionadaíocht ar 6,000 tábhairneoir sa tír lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá aighneacht ghinearálta curtha isteach ag an VFI ag tacú leis an Ordú a choinneáil.

Is mian linn an pointe ginearálta a dhéanamh, áfach, gur feidhm de chuid nithe go leor iad na treochtaí tomhaltais alcóil agus níl i bpraghas agus i bpolasaí praghsála ach ceann de na feidhmeanna sin. Arís ar ais, bíonn tionchar ag an Ordú um Earraí Grósaera ar raon saincheisteanna níos leithne ná tomhaltas alcóil – is dóigh go léiríonn an Tuarascáil seo é sin.

Measaimid, gur sásra uafásach mí-oiriúnach agus díréireach é an tOrdú um Earraí Grósaera trína bhféachfaí le tomhaltas alcóil a rialú.

D’ainneoin sin, caithfimid a rá go bhfuil an argóint a rinne MEAS agus daoine eile maidir leis seo bunaithe ar an tuairim go bhfuil praghsanna níos airde mar thoradh ar an Ordú um Earraí Grósaera.